


Tastáil: Tacair 1

1. Céard a thugtar ar léaráid den chineál seo?

A. Léaráid Venn

B. Ciorcal



2. Céard é bunuimhir an tacair? {coke, fanta, sprite}

A. 3

B. 1

C. 4

3. Más é an tacar A an líon daoine i do rang, agus más é an tacar B na daoine i do rang a chaitheann spéaclaí, céard é $A \cap B$?

A. Gach duine i do rang.

B. Na daoine i do rang a chaitheann spéaclaí.

C. Na daoine i do rang nach gcaitheann spéaclaí.

4. Más é an tacar A na daoine i do rang, agus más é an tacar B na daoine i do rang a chaitheann spéaclaí, céard é $A \cup B$?

A. Gac daoine sa rang.

B. Na daoine i do rang a chaitheann spéaclaí.

C. Na daoine i do rang nach gcaitheann spéaclaí.


5. Más é an tacar A líon na ndaoine i do rang, agus más é an tacar B na daoine i do rang a chaitheann spéaclaí, céard é $A \setminus B$?

A. Gac daoine sa rang.

B. Na daoine i do rang a chaitheann spéaclaí.

C. Na daoine i do rang nach gcaitheann spéaclaí.

6. Tá 80 dalta sa rang. Imríonn 60 dalta rugbaí agus imríonn 35 dalta leadóg. Cén uimhir a théann sa chuid dhaite den léaráid seo má tá a fhios againn go n-imríonn gach dalta rugbaí nó leadóg, nó an dá cheann?




A. 95


B. 80

C. 15

7. Tá 80 dalta sa rang. Imríonn 60 dalta rugbaí agus imríonn 35 dalta leadóg. Cén uimhir a théann sa chuid dhaite den léaráid seo má tá a fhios againn go n-imríonn gach dalta rugbaí nó leadóg, nó an dá cheann?



- A. 45
B. 60
C. 80
8. Tá 80 dalta sa rang. Imríonn 60 dalta rugbaí agus imríonn 35 dalta leadóg. Cén uimhir a théann sa chuid dhaite den léaráid seo má tá a fhios againn go n-imríonn gach dalta rugbaí nó leadóg, nó an dá spórt?



- A. 35
B. 20
C. 95
9. Má sheasann A do na hUimhreacha Aiceanta faoi bhun 20, agus má sheasann B do na ré-uimhreacha faoi bhun 20, céard é $A \cap B$?

- A. $\emptyset$
A. {2,4,6,8,10,12,14,16,18}
B. {2,4,6,8,10,12,14,16,18, 20}
10. Má sheasann A do na hUimhreacha aiceanta faoi bhun 20, agus má sheasann B do na ré-uimhreacha faoi bhun 20, céard é $A \setminus B$?
- A. {1,3,5,7,9,11,13,15,17,19}
B. {2,4,6,8,10,12,14,16,18}
C. {2,4,6,8,10,12,14,16,18, 20}

11. Má sheasann A do na hUimhreacha aiceanta faoi bhun 20, agus má sheasann B do na ré-uimhreacha faoi bhun 20, céard é $B \setminus A$?
- A. $\emptyset$
 - B. $\{2,4,6,8,10,12,14,16,18\}$
 - C. $\{1,3,5,7,9,11,13,15,17,19\}$
12. Mura mbeadh ach 3 chineál ceoil ar domhan: popcheol, rac-cheol agus rapcheol, agus má sheasann an tacar A don líon daoine ar domhan arb é an popcheol a rogha, céard é A^c ?
- A. Na daoine ar domhan arb é an popcheol a rogha?
 - B. Na daoine ar domhan arb é an rac-cheol a rogha?
 - C. Na daoine ar domhan nach é an popcheol a rogha.
13. Seasann an tacar A do na cuideachtaí uile in Éirinn a chuireann rochtain idirlín ar fáil. Tá cuideachta ann darb ainm Cluiche, nach gcuireann rochtain idirlín ar fáil. Céard a chaithfeadh an chuideachta sin a dhéanamh ionas go mbeadh sé ina bhall den tacar A?
- A. Ní bheidh Cluiche ina bhall den tacar A riamh.
 - B. Chaithfeadh Cluiche iompú ina sholáthróir seirbhísí idirlín?
 - C. Tá A ina bhall cheana féin
14. Tá an tacar A cothrom le $\{1, 2, 3, 4\}$ agus tá an tacar B cothrom le $\{2, 5\}$. An bhfuil an tacar $B \subset A$?
- A. Tá
 - B. Níl
15. Tá U, an t-uilethacar, cothrom le $\{1, 2, 3, 4, 5\}$ agus tá an tacar A cothrom le $\{1, 2\}$. Céard é A^c ?
- A. $\{3,4,5\}$
 - B. $\{1,2,3,4,5\}$
 - C. $\{1,2\}$